## COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

### FÓGRA FAOIN DRÉACHTPHLEAN FORBARTHA CONTAE 2022-2028 Á ULLMHÚ

Leis seo tugtar fógra go bhfuil Comhairle Contae Chiarraí, de bhun Alt 12 den Acht (Leasú) um Pleanáil & Forbairt 2000, agus Airteagal 13 de na Rialacháin (Leasú) um Pleanáil & Forbairt (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) 2004, tar éis Dréachtphlean Forbartha Contae a ullmhú don tréimhse 2022-2028.

Sa Dréachtphlean tá Ráiteas Scríofa agus Aguisíní, maraon le:

- Tuairisc Comhshaoil a ullmhaíodh de réir na Rialacháin (Leasú) um Pleanáil & Forbairt (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) 2004 ar an dtionchar suntasach a d'fhéadfadh a tharla de dheasca an Dréachtphlean a fheidhmiú de bhun na Rialacháin (Leasú) um Pleanáil & Forbairt (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) 2004
- Measúnú Oiriúnach Treoir Gnáthóg (Tuairisc Tionchar Natura) de bhun Airteagal 6[3] den Treoir Gnáthóg 92/43/EEC
- Measúnú Straitéiseach um Bhaol Tuilte – de bhun Alt 28 den Acht (Leasú) um Pleanáil & Forbairt 2000

San Dréachtphlean tá moltaí maidir le cur leis an **dTaifeadadh Struchtúr Cosanta** agus de réir Alt 12 (3) den Acht Pleanála, déanfaidh an tÚdarás Pleanála fógra faoin bhreis mholta, na sonraí san áireamh, de réir an cháis a sheirbheáil ar gach duine atá mar úinéir nó áititheoir an struchtúr cosanta molta nó an struchtúr cosanta.

San Dréachtphlean tá moltaí chun cur mar a leanas leis an liosta **Cearta Slí Poiblí:**

| | |
|---|---|
| ROW 6b | Rochtain don trá ón L10483 go dtí Carrachán Íochtar |
| ROW 8a | Ón L10572 i bhFianait thar an Stáisiún Garda Cósta i bhFianait go dtí an seanthigh bád/sciorradh taobh leis an gcarrchlós i bhFianait |
| ROW 41 | Ó chríoch an L11597 go dtí an trá ag Com an tSleabhcháin |

De réir Alt 14 (3) den Acht Pleanála, déanfaidh an tÚdarás Pleanála fógra a sheirbheáil ar gach duine atá mar úinéir nó áititheoir an talamh aitheanta atá molta, na sonraí san áireamh.

**An Dréachtphlean á thaispeáint**

Beidh an Dréachtphlean, Tuairisc Comhshaoil SEA agus cáipéisí a bhaineann leo (san áireamh beidh breiseanna molta/ scriosadh/leasú ar an dTaifead Struchtúr Cosanta) ar taispeáint agus ar fáil chun íoslódáil ar shuíomh idirlíon na Comhairle consult.kerrycoco.ie idir an Luan 06 Nollaig 2021 agus an Chéadaoin 23 Feabhra 2022.

Beidh cóipeanna clóite ar taispeáint i leabharlanna poiblí Chiarraí agus ag na láithreacha seo a leanas idir an Luan 06 Nollaig 2021 agus an Chéadaoin 23 Feabhra 2022.

- **Trá Lí** Comhairle Contae Chiarraí, Áras an Chontae, Ráth Theas, Trá Lí
- **Cill Airne** Halla an Bhaile, Cill Airne
- **Lios Tuathail** Oifig Ceantar Bardasach Lios Tuathail, Arás an Phiarsaigh, Sráid Charles, Lios Tuathail

Dein seiceáil led thoil ar shuíomh idirlín na Comhairle nó glaoigh ar 066 7183500 maidir le socruithe chun dul isteach sna foirgintí úd mar d'fhéadfadh coinne a bheith i gceist mar gheall ar airdeall a bhainfeadh leis an COVID.

**Aighneacht a dhéanamh**

Lorgaítear aighneachtaí nó tuairimí ón bpobal agus páirtithe leasmhara faoin Dréachtphlean, an Tuairisc Comhshaoil SEA gaolmhar, Tuairiscí eile Comhshaoil, Measúnú Oiriúnach agus Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte maraon leis na breiseanna / scriosanna / leasuithe ar an dTaifead Struchtúr Cosanta. Beidh leanaí, nó grúpaí nó cumainn ar son leas leanaí, i dteideal aighneachtaí nó tuairimí a sheoladh. Déanfaidh an tÚdarás Pleanála measúnú ar gach aon aighneacht nó tuairim a thagann isteach agus cuirfear san áireamh iad sula gcríochnaítear an plean agus sula ndéantar aon bhreiseanna / scriosanna / leasuithe ar an dTaifead Struchtúr Cosanta.

**Féadfar aighneachtaí a sheoladh mar a leanas:**

1. **Ar líne trín** dTairseach Comhairliúcháin Phoiblí consult.kerrycoco.ie

   **NÓ**

2. **Scríobh chuig:** Damien Ginty, Pleanálaí Sinsear, Aonad Polasaí Pleanála, Comhairle Contae Chiarraí, Ráth Theas, Trá Lí, Contae Chiarraí V92H7BT

**Ní ghlacfar le haighneachtaí trí r-phost.**

**DÁTA DEIRIDH DO NA hAIGHNEACHTAÍ: 5:00pm CÉADAOIN 23 FEABHRA 2022**

- MOLTAR AN AIGHNEACHT A SHEOLADH CHOMH LUATH AGUS IS FÉIDIR.
- Cuir mairceáil ar an aighneacht mar a leanas: **PLEAN FORBARTHA CHONTAE CHIARRAÍ**.
- Caithfear mairceáil a dhéanamh go soiléir maidir leis na Tuairiscí Comhshaoil (Tuairisc Comhshaoil, Tuairisc Tionchar Natura, Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte).
- Ar gach aighneacht luaigh d'ainm agus seoladh teangabhála, léarscáil (más cuí) maraon le sonraí eagraíochta, grúpa pobail nó comhlacht 7rl a bhfuil baint agat leo.
- **Led thoil seol an aighneacht trí mheán amháin i.e. trín dtairseach ar líne nó mar chóip cruaidh.**
- Beidh gach aon aighneacht mar chuid den tuairisc ón bPríomhfheidhmeannach a thabharfar do bhaill tofa Chomhairle Contae Chiarraí.
- Bíodh a fhios agat led thoil go bhfoilseofar gach aighneacht de réir riachtanais an Acht Pleanála. Déan cinnte nach mbíonn aon ábhar ciapálach, clúmhillteach ná rúnda a bhaineann le tríú páirtí (nuair nár thoiligh an tríú páirtí go soiléir nó intuigthe sna cúinsí leis an ábhar úd a scaoileadh) laistigh den aighneacht. Beidh ceart ag an Údarás Pleanála aon aighneacht a leasú muna gcloítear leis an riachtanas úd. Bíodh a fhios agat freisin go bhfoilsítear ainm an duine(daoine)/ghrúpa(í) a sheolann an aighneacht ach nach bhfoilsítear sonraí pearsanta.
- Bíodh a fhios agat led thoil go bhfoilseofar na haigneachtaí go léir ar líne laistigh de 10 lá oibre a bhfaighte.
- NÍ GHLACFAR LE hAIGHNEACHTAÍ A BHÍONN DÉANACH.

**Tá Údaráis Áitiúla Chiarraí tiomanta don Rochtain do Chách. Bíonn na doiciméid a luaitear anso thuas ar fáil ar shlí eile ach iad a iarraidh. Glaoigh led thoil ar Chomhairle Contae Chiarraí ag 066 7183500 má bhíonn aon ghá agat le rochtain speisialta.**